# plean straitéiseach
## 2024–2028




leabhair páistí éireann
ag cothú léitheoirí

Faigheann **Leabhair Pháistí Éireann/ Children's Books Ireland**
cúnamh airgid ó
**An Chomhairle Ealaíon/The Arts Council,**
70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

**Leabhair Pháistí Éireann/Children's Books Ireland**
An Chéad Urlár, 17 Sráid Sheoirse Mhór Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1, D01 R2F1

Charity Reg. No. 20040963
CHY number 12911

Fón: 00 353 1 8727475
info@childrensbooksireland.ie
**Obair ealaíne choimisiúnaithe:** Karen Harte

**childrensbooksireland.ie**
@kidsbooksirel
@childrensbooksireland
Children's Books Ireland
@kidsbooksirel
@childrensbooksireland.ie

cistiú na healaíona

# Brollach

Samhlaigh teacht ar nós éigin an-luath i do shaol a rachaidh chun leas do mheabhairshláinte, a chuirfidh oideachas ort agus a rachaidh chun tairbhe do ghairme; caitheamh aimsire a bhfuil sé de chumhacht aige sólás a thabhairt duit, tú a spreagadh is a shuaimhniú, siamsaíocht a dhéanamh duit agus draíocht a chur ort. Samhlaigh fáil amach freisin go bhfuil sé saor in aisce agus go bhfuil teacht ag gach aon duine air, beag beann ar aicme, inscne ná cine. Agus thairis sin gur nós é, agus é déanta agat, a mhairfidh ar feadh do shaoil agus a athróidh do shaol. Níl deireadh lena bhuntáistí.

Ní draíocht atá ann ach an léitheoireacht.

Ar na cúiseanna iomadúla sin, is í bunchloch Leabhair Pháistí Éireann ná an tsuim sa léitheoireacht a chothú i measc na leanaí agus na ndaoine óga uile in Éirinn. Is iomaí bealach atá againn len é sin a dhéanamh: iad a chur ag léamh go hóg, cabhrú leo siúd a bhfuil tacaíocht uathu le teacht ar leabhair agus suim daoine óga a choinneáil sa léitheoireacht trí na déaga. Chun é sin ar fad a bhaint amach, cothaímid na húdair a scríobhann na leabhair chairtchláir agus na rímeanna spraíúla, na húrscéalta grafacha agus an ficsean do na leanaí i mblianta deiridh na bunscoile, na scéalta grá do na déagóirí agus an fhantaisíocht dhiostóipeach, agus cothaímid na maisitheoirí a chuireann beocht bhreise iontu lena gcuid sceitsí is dathanna.

Sa saol trína chéile seo ina bhfuil an t-achar scáileáin ag dul i méid agus an t-achar airde ag dul i laghad, tá práinn níos mó ná riamh lenár sprioc chun léitheoir a chothú i ngach páiste.

Trínár gcuid tograí iomadúla, na Clinicí Leabhar agus ár gcomhdháil, ár ngradaim bhliantúla agus ár bhfeachtais le leabhair a bhronnadh ina measc, déanaimid iarracht leanúnach teacht ar bhealaí nua chun ceann de na foinsí gliondair is mó sa saol a chraobhscaoileadh agus a chur chun cinn. Léirímid ár gcreideamh daingean i gcumhacht na leabhar chun léargas agus eolas a chur ar fáil trí sheaimpín pearsanta a cheapadh do na léitheoirí óga i bpearsa Laureate na nÓg. Déanaimid é sin le tacaíocht shárluachmhar Chomhairle na nEalaíon.

Agus sinn anois ar leathanaigh thosaigh ár gcéad chaibidle eile, is mithid smaoineamh siar ar na blianta fáis agus forbartha ó cuireadh ar bun sinn sa bhliain 1997 agus ar na daoine ar fad a tháinig romhainn agus a ghearr amach an cosán agus fís, fuinneamh agus dúthracht acu.

Agus súil anois agam ar ár 30ú breithlá atá ar na bacáin agus an fhís straitéiseach nua seo á seoladh againn, is mian liom aitheantas a thabhairt don phobal níos leithne ar cuid de sinn. Is pribhléid agus is onóir é oibriú in earnáil litríocht na leanaí in Éirinn. Tá na luachanna céanna ag an gcomharghrúpa flaithiúil, díograiseach sin agus atá againn féin – barr feabhais, ceangal, cairdiúlacht agus gliondar – agus táimid ar fad ag saothrú chun é a chur ar na súile do na glúnta atá romhainn gurb iad na leabhair an ceann scríbe agus an t-aistear.

**Madeleine Keane,**
**Cathaoirleach**

**‘Books are the plane, and the train, and the road. They are the destination, and the journey. They are home.’** – Anna Quindlen



# Réamhrá

B'fhurasta a cheapadh, b'fhéidir, agus an saol chomh gnóthach is atá, nach bhfuil an tábhacht chéanna ag baint leis an léitheoireacht do pháistí agus daoine óga inniu is a bhí tráth. Tá an oiread sin deiseanna siamsaíochta anois acu, tar éis an tsaoil, ní hamháin ar na gléasanna digiteacha nó sna cluichí ríomhaireachta, ach ag imirt spóirt, ag cruthú ealaíne, ag foghlaim conas teangacha a labhairt agus uirlisí a sheinm agus ag caitheamh ama lena gcuid cairde.

Ach creidimidne fós go bhfuil tábhacht leis an léitheoireacht. Tá tábhacht *mhór* léi. Uaireanta, go deimhin, is gléas tarrthála í.

Nuair a léitear ar mhaithe leis an bpléisiúr, bíonn tionchar dearfach aige sin ar an litearthacht agus an uimhríocht, ar an meabhairshláinte, ar an bhforbairt chognaíoch agus ar an dul chun cinn sa ghort acadúil. Ach thairis sin arís, is ionann an léitheoireacht agus an tsaoirse – is doras isteach ar an domhan í agus cuireann sí smaointe tábhachtacha i láthair don léitheoir óg: an chothromaíocht, an chóir, an cineáltas, an chomhbhá. Is ionann an léitheoireacht agus cead cainte, saoirse cainte, agus tá sé tábhachtach go mbíonn gach duine in ann a scéal féin a insint agus leagan dá scéal féin a léamh sna leabhair. Tá an léitheoireacht tábhachtach mar gheall go ndéantar cur síos i leabhair ar gach uile rud a rachaidh leanaí agus daoine óga i ngleic leis i gcaitheamh a saoil agus is bealach é an leabhar leis na téamaí sin a phlé go sábháilte. Tá cumhacht sa léitheoireacht. Tá gliondar sa léitheoireacht.

Táimid ar ár ndícheall chun ár bhfís a fhíorú: Éire ina mbeidh gach páiste ina léitheoir. Áit ina mbeidh gach léitheoir óg in ann teacht go héasca ar leabhair den scoth. Áit ina mbeidh daoine fásta atá eolasach agus tiomanta ina dtreoraithe díograiseacha. Agus áit ina mbeifear ag tacú leis an bpobal bisiúil údar agus maisitheoirí – iad siúd de bhunadh na hÉireann agus iad siúd atá lonnaithe in Éirinn – chun saothair den scoth a chruthú a léiríonn an saibhreas agus an éagsúlacht inár gcultúr.

Táimid buíoch de na maoinitheoirí, na comhpháirtithe, na deontóirí agus ár lucht tacaíochta a chuireann ar ár gcumas tabhairt faoin obair sin agus atá ar aon intinn linn maidir lenár bhfís agus ár gcuid luachanna. Táimid buíoch freisin dár gcuid ball as an tacaíocht atá curtha ar fáil acu do Leabhair Pháistí Éireann ó bunaíodh an eagraíocht agus as a gcuid aiseolais luachmhair a chabhraigh linn an straitéis seo a mhúnlú. Gabhaimid buíochas ó chroí freisin leis na healaíontóirí, na múinteoirí, na díoltóirí leabhar, na foilsitheoirí, na leabharlannaithe agus na heagraíochtaí acmhainní eile. Is mór againn an t-ionchur uathu sin agus na tosaíochtaí straitéiseacha á mbeartú againn. Gabhaimid buíochas speisialta leo siúd a chabhróidh linn na tosaíochtaí sin a bhaint amach sna blianta atá amach romhainn.

**Elaina Ryan,**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**



# Fís

Léitheoir a chothú i ngach páiste.

# Misean

Suim sa léitheoireacht a spreagadh i measc leanaí agus daoine óga ar oileán na hÉireann agus cás a dhéanamh maidir le leabhair den scoth a sholáthar go cothrom.

Ár gcuid saineolais agus ár gcuid díograise a roinnt leis na daoine fásta a threoraíonn na léitheoirí óga agus a théann i bhfeidhm orthu, agus cur ina luí ar scoileanna agus suíomhanna luath-óige gur fiú cultúr dearfach a chothú maidir leis an léitheoireacht agus an léitheoireacht os ard.

Tacaíocht a chur ar fáil d'údair agus maisitheoirí, iad a chur chun cinn agus iad a nascadh lena lucht léitheoireachta.




# Luachanna

## Barr Feabhais

Is eagraíocht fhuinniúil, chruthaitheach agus sholúbtha sinn agus is ábhar mórtais dúinn é go gcoinnímid caighdeáin arda inár gcuid oibre go léir agus go dtacaímid le hearnáil atá díreach chomh maith agus chomh tiomanta linn féin. I gcás fhoireann Leabhair Pháistí Éireann, is spriocanna ríthábhachtacha dóibh iad gach páiste a spreagadh le bheith ina léitheoir agus a chinntiú go bhfuil teacht ag gach páiste ar na leabhair is fearr.

## Ceangal

Cothaímid timpeallacht bhríomhar atá ríthábhachtach le haghaidh léitheoireacht na leanaí agus oibrímid as lámha a chéile leo siúd a bhfuil na haidhmeanna céanna acu. Tá Leabhair Pháistí Éireann ag croílár phobal leabhair na leanaí.

## Cairdiúlacht

Bímid oscailte, cairdiúil agus cothrom inár gcuid gníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí go léir agus cuirimid an inrochtaineacht chun cinn iontu. Tá an cineáltas agus an cuimsiú ríthábhachtach don chaoi a n-oibrímid agus bímid sa tóir ar na luachanna céanna inár gcuid comhpháirtithe.

## Gliondar

Tuigimidne gur féidir leis an léitheoireacht bheith ina foinse gliondair agus sceitimíní do pháistí agus daoine óga agus go gcuireann an léitheoireacht lena saol agus bímid ar bís leis an tuiscint sin a roinnt leis an bpobal trínár gcuid teachtaireachtaí, ár gcuid foilseachán agus ár gcuid imeachtaí. Téann an léitheoireacht go mór chun leas leanaí agus daoine óga agus, le linn dúinn bheith ag cothú feasachta i measc na dtuismitheoirí faoin leas sin, labhraímid leis na leanaí féin faoin tsiamsaíocht. Cuirimid deiseanna ar fáil do léitheoirí óga chun gur féidir leo taitneamh a bhaint as an léitheoireacht agus sásamh a bhaint as ealaíona na scríbhneoireachta agus an mhaisithe.

# Cén fáth a ndéanaimid an obair againn?

Éiríonn go maith le hÉirinn i measúnuithe léitheoireachta idirnáisiúnta. Is iad na PIRLS (ag leibhéal na bunscoile) agus PISA (ag leibhéal na meánscoile) an dá cheann is mó a leagtar béim orthu. Sa dá scrúdú sin, déantar measúnú ar an litearthacht léitheoireachta agus tá Éire ar na tíortha is mó cumas sa dá cheann. Ach is mór idir cumas léitheoireachta agus an scíthléitheoireacht le haghaidh an phléisiúir.

Is réamhtháscaire éifeachtach í minicíocht léitheoireachta an pháiste ag aois óg ar na nósanna léitheoireachta a bheidh ag an bpáiste céanna agus iad ag dul in aois. Léiríonn sé sin an tábhacht a bhaineann le cothú nós na léitheoireachta os ard do pháistí agus le leanaí díreach ó thús a saoil. Léiríonn sé freisin an géarghá atá le leabhair a chur ar fáil a chuireann sceitimíní ar léitheoirí óga ag gach aois agus a gcuireann siad suim iontu. Léirítear i staidéir Éireannacha agus i staidéir idirnáisiúnta nach n-éiríonn chomh maith céanna le daoine ó chúlraí nach bhfuil chomh maith sin as, ná le buachaillí ó chúlra ar bith, agus a éiríonn le cailíní agus daoine ó chúlraí atá níos fearr as. Tá fianaise ag teacht leis an dearcadh againn gur gá dúinn an *scíthléitheoireacht* a chothú i measc daoine de gach aoisghrúpa chun léitheoirí

I dtaighde maidir le buntáistí na léitheoireachta a d'fhoilsigh BookTrust (UK) sa bhliain 2023, léiríodh, i gcás leanaí a bhíonn ag léamh, gur mó an seans go sáróidh siad na laincisí arb é an neamhionnanas is cúis leo; go mbeidh siad níos sona agus níos folláine agus go mbeidh a meabhairshláinte agus a bhféinmheas níos fearr; go n-éireoidh níos fearr leo ar scoil agus go ndéanfaidh siad dul chun cinn i ngnéithe éagsúla an churaclaim; agus gur mó an seans go mbeidh comhbhá agus cruthaitheacht forbartha acu. Bíonn an léitheoireacht níos tábhachtaí d'fhorbairt chognaíoch an pháiste ná mar a bhíonn leibhéal oideachais a thuismitheoirí agus bíonn tionchar níos mó aici ar an dul chun cinn sa saol ná mar a bhíonn ag an gcúlra socheacnamaíoch. Dar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), nuair a thagtar ar shlite chun daltaí a chur ag léamh, tá sé sin ar na bealaí is éifeachtaí chun an tsochaí a athrú.



## Léirítear an méid seo a leanas i suirbhé fadaimseartha *Growing Up in Ireland*:

**Ag aois 9 mí**, ní léitear aon rud os ard le 19.5% de leanaí choíche.

**Ag aois trí bliana**, ní léitear os ard ach go hannamh le 20% de pháistí – 3 lá sa tseachtain nó níos lú.

**Ag aois naoi mbliana**, ní thuairiscíonn ach 6% de pháistí nach léann siad ar mhaithe le pléisiúr choíche.

**Ag aois trí bliana déag**, deir 19% nach léann siad choíche.

**Faoi aois 17**, deir 53% nach léann siad choíche.







# Aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha

# Ár spriocanna agus mar a bhainfidh muid amach iad

## 1: Suim na leanaí agus na ndaoine óga uile a chothú sa léitheoireacht

Tabharfaimid léitheoirí le chéile chun gur féidir le leanaí uchtach a thabhairt dá chéile agus dul i ngleic le leabhair ar leibhéal criticiúil agus ar leibhéal siamsúil. Nuair a thugtar an deis do gach páiste agus duine óg bheith ina léitheoir, tugtar deis chothrom dóibh teacht ar bhuntáistí iomadúla na léitheoireachta agus osclaítear saol fada scéalta do na leanaí, beag beann ar a gcúlra.

- Deiseanna a chur ar fáil chun gur féidir léitheoir a chothú i ngach páiste, agus an tacaíocht is mó ar fáil dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu léi.
- Leanaí agus daoine óga a spreagadh le dul i mbun léitheoireachta ón mbreith go dtí na déaga, i mBéarla, i nGaeilge, agus meas againn ar theanga an bhaile, agus eolas a dhéanamh ar an léitheoireacht sin.
- Clár Laureate na nÓg a reáchtáil chun leanaí, daoine óga agus a gcuid pobal a mhealladh agus a spreagadh trí mheán na litríochta.
- Tuairimí leanaí agus daoine óga a chur san áireamh inár gcuid oibre agus inár gcuid cinntí i mbealach fónta.
- Tacú le forbairt phobail léitheoirí agus an grá céanna don léitheoireacht i gcroílár an phobail sin.

## 2: Tacú le húdair agus maisitheoirí a chruthaíonn saothair do léitheoirí óga

Tá luach ar leith ag baint le litríocht ó Éirinn le haghaidh leanaí, litríocht a chuireann grúpa cumasach údar, maisitheoirí, aistritheoirí, filí, foilsitheoirí agus scéalaithe ar fáil. Cothóimid an pobal sin ealaíontóirí i gcaitheamh a ngairme agus nascfaimid iad lena lucht féachana ionas gur féidir le léitheoirí óga in Éirinn teacht ar an saibhreas agus an éagsúlacht a bhaineann le sochaí agus cultúr na hÉireann mar a léirítear iad sa litríocht. Cosnóimid cearta na n-ealaíontóirí chun saoirse cainte sna healaíona cruthaitheacha agus cosnóimid cearta na léitheoirí chun leabhair den scoth a aimsiú.

- Próifíl údair agus maisitheoirí de bhunadh na hÉireann, nó atá lonnaithe in Éirinn, a ardú.
- An cás a dhéanamh ar son pá cuí, coinníollacha cuí agus tacaíocht eile a chuirfidh ar chumas na n-údar agus na maisitheoirí gairmeacha inmharthana a bheith acu, agus leanúint orainn mar eiseamláir den dea-chleachtas sa réimse sin.
- Bheith inár gceannródaí ag cur athruithe dearfacha i bhfeidhm chun an cuimsiú a mhéadú san earnáil agus cás a dhéanamh ar son athruithe den chineál sin in áiteanna eile.
- Tacaíochtaí cruthaitheacha agus praiticiúla a fhorbairt le haghaidh údar agus maisitheoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil i gcleachtas imeachtaí litríochta beo d'ealaíontóirí ag gach céim dá ngairm.
- Am agus spás a chur ar fáil d'ealaíontóirí bunaithe agus meánghairme, dhá rud a bhíonn ag teastáil uathu le bheith ag cruthú.
- Pobail chleachtais a chur ar bun d'ealaíontóirí ag gach céim dá ngairm le haithne a chur ar ealaíontóirí eile, go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta, ar fud na hÉireann.






## 3: Ár gcuid saineolais agus díograise a roinnt le daoine fásta a bhíonn ag treorú léitheoirí óga

Cuirfimid lenár líonra seaimpíní agus déanfaimid neartú air. Is daoine iad na seaimpíní ar féidir leo léitheoireacht an pháiste a spreagadh mar bhall teaghlaigh nó duine fásta a bhfuil muinín ag an bpáiste astu, mar aon leo siúd a bhfuil ról gairmiúil acu i saol na bpáistí, na díoltóirí leabhar agus na leabharlannaithe ina measc. Déanfaimid daingniú ar an gcáil atá bainte amach againn mar an chéad eagraíocht a dtéitear chuici chun comhairle neamhspleách agus moltaí a lorg maidir le leabhair agus an léitheoireacht ag gach céim den saol ón mbreith go dtí deireadh na ndéaga.

- Cur leis an tionchar a bhíonn againn trí theacht ar níos mó teaghlach agus níos mó grúpaí pobail trínár gcomhpháirtithe straitéiseacha.
- Leanúint den fhorbairt atá á déanamh ar ár gcuntais ar na meáin shóisialta agus caidrimh láidre a choinneáil lenár gcomhpháirtithe tábhachtacha.
- Foilseacháin mhealltacha inrochtana a tháirgeadh ina léirítear scoth na litríochta Éireannaí le haghaidh leanaí agus ina roinntear eolas leis an bpobal faoi leabhair idirnáisiúnta, treochtaí agus forbairtí eile.
- Béim a leagan ar an nasc idir an scíthléitheoireacht agus an saol folláin.

## 4: An scíthléitheoireacht a leabú san earnáil oideachais

Tá sé de sprioc againn a chinntiú go mbíonn an deis ag gach páiste bheith ina léitheoir, beag beann ar a chúlra. Is é an bealach is éifeachtaí a mbainfear sin amach ná trí chultúr dearfach scíthléitheoireachta a chothú ón luath-óige go dtí blianta deiridh na meánscoile. Roinnfimid ár gcuid saineolais agus ár gcuid díograise le daoine go forleathan agus ardóimid próifíl leabhair Éireannacha le haghaidh leanaí san earnáil seo.

- Cás a dhéanamh ar son polasaithe agus infheistiú ag leibhéal an Rialtais, rud a spreagfaidh leanaí agus daoine óga chun nós scíthléitheoireachta fad saoil a dhéanamh agus a chuirfidh ar chumas gach páiste teacht ar an gceart cultúrtha sin i mbealach cothrom.
- Tacú le forbairt na scíthléitheoireachta i scoileanna agus i suíomhanna luath-óige.
- Uasoiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil d'oidí i suíomhanna luath-óige, i mbunscoileanna agus i meánscoileanna, go háirithe i dtaca le leabhair Éireannacha le haghaidh leanaí.
- Feasacht faoin eagraíocht a ardú san earnáil oideachais.



## 5: Feidhmiú i mbealach ionchuimsitheach, éifeachtach agus inbhuanaithe

Is carthanacht é Leabhair Pháistí Éireann a chuireann ár gcuid luachanna chun cinn gach lá i ngach rud a dtugaimid faoi. Is mór againn na caidrimh iomadúla arb iad bunchloch ár gcuid oibre iad agus a thacaíonn lenár bhfís. Oibrímid i mbealach ionraic, measúil, freagrach agus nasctha. Bímid ag brath ar chomhpháirtithe iomadúla chun ár gcuid aidhmeanna a bhaint amach agus chun ár dtionchar a mhéadú go tapa thar líonra níos leithne.

- Oibriú go hionraic agus go trédhearcach, cloí le prionsabail an Rialálaí Carthanachtaí agus ár gcuspóir mar charthanacht a bhaint amach.
- Cleachtas atá bunaithe ar fhianaise a choinneáil, ár dtionchar a thomhas agus é a léiriú dár gcomhpháirtithe is tábhachtachaí.
- A chruthú gur mór againn ár bhfoireann, féachaint chuige gur áit fhónta oibre é Leabhair Pháistí Éireann agus a chinntiú go léirímid meas ar na daoine a oibríonn chomh díograiseach sin i dtreo ár gcuid spriocanna agus go dtugaimid uchtach dóibh.
- An tionchar a bhíonn againn ar an bpláinéid a íoslaghdú agus oibriú i mbealach inbhuanaithe.
- Páirt a ghlacadh sa phobal idirnáisiúnta, labhairt ag an leibhéal Eorpach agus an leibhéal idirnáisiúnta, foghlaim ónár bpiaraí, eolas a chomhroinnt, agus litríocht Éireannach le haghaidh leanaí a chur chun cinn.
- Féachaint chuige go bhfuil na hacmhainní cuí againn lenár gcuid spriocanna a bhaint amach.

# Comhthéacs na mBeartas

Sa tréimhse a chumhdófar sa straitéis seo le haghaidh 2024-2028, beidh scór go leith bliain dár n-eagraíocht á cheiliúradh againn agus beidh athruithe suntasacha le déanamh agus rudaí nua le foghlaim i dtaca leis an athrú aeráide, an intleacht shaorga agus an cuimsiú. De réir mar a fhorbraímid polasaithe ár n-eagraíochta féin sna réimsí seo agus i réimsí eile, beidh ár gcuid polasaithe ag teacht le *Beartas na Comhairle Ealaíon um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht*; *Beartas Luach Saothair don Ealaíontóir*; *Ag Fás leis na hEalaíona/Growing with the Arts: Beartas na Comhairle Ealaíon le haghaidh Ealaíona na Leanaí agus na nDaoine Óga*; *Beartas agus Straitéis le haghaidh na Litríochta*; *Litríocht na Gaeilge a chothú: Beartas Maidir le Litríocht na Gaeilge* agus go deimhin *Saothar Ealaíne Iontach a tháirgeadh – straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–2025).* Faighimid treoir ón *gCreat Náisiúnta le haghaidh Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht*. Mar eagraíocht uile-oileáin, tá ár gcuid polasaithe ailínithe le Plean Straitéiseach Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann 2023-2024 agus táimid ag tnúth le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na físe atá leagtha amach acu de shochaí a mbeidh teacht ag gach uile dhuine ar earnáil bhisiúil ealaíon inti, earnáil a aithnítear mar bhunchloch faoin gcruthaitheacht, leas an phobail agus an rath sóisialta agus eacnamaíoch.

Tá ár gcuid oibre ábhartha do roinnt eochairstraitéisí agus beartais de chuid an rialtais agus bíonn sí ag teacht leo, cuid mhaith. San áireamh iontu sin, tá *Éire Óg: an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028*, *Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid – Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027, Plean Óige Ildánach 2023-2027, First 5: A Whole-of-Government Strategy for Babies, Young Children and their Families 2019–2028* agus *an Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta*. Is saothar tábhachtach í an straitéis dheireanach sin ó Ranna na Leanaí agus an Oideachais agus áirítear ann mar tháscaire rathúlachta 'Am méadaithe a gcaitheann foghlaimeoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ag léamh agus ag scríobh chun taitneamh a bhaint as'. Tá fís ann freisin maidir le príomhshruthú roinnt tograí ina mbronntar leabhair ar naíonáin agus leanaí réamhscoile, céimeanna iontacha i dtreo na físe atá againn féin: léitheoir a chothú i ngach páiste.



Follow us!

@kidsbooksirel

@childrensbooksireland

Children's Books Ireland

@kidsbooksirel

@childrensbooksireland.ie

childrensbooksireland.ie

#EveryChildAReader

children's
books
ireland
every child a reader

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding the arts